Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Beartas Cosanta Leanaí

01/07/2011

OÉ Gaillimh

Beartas Cosanta Leanaí

1 RÉAMHRÁ 3

2 CÚLRA DLÍ 3

3 RÁITEAS BEARTAIS 4

4 AIDHM AN BHEARTAIS 4

5 RAON FEIDHME AN BHEARTAIS 5

5.1 LEANAÍ MAR ÁBHAIR THAIGHDE 5
5.2 IMEACHTAÍ SPÓIRT 6
5.3 GRIANGHRAIF AGUS ÍOMHÁNNA 6
5.4 ÁISEANNA NAÍOLAINNE 6

6 DROCHÚSÁID A AITHINT 6

7 MÍNIÚ AR DHROCHÚSÁID 7

8 NÓSANNA IMEACHTA LE DÉILEÁIL LE LÍOMHAINTÍ DROCHÚSÁIDE 8

8.1 NOCHTADH A THUAIRISCIÚ 8
8.2 ÚDAR IMNÍ A THUAIRISCIÚ 9

9 EARCAÍOCHT 9

9.1 CONRAITHEOIRÍ 11

10 COIMEÁD TAIFEAD 11

11 FORFHEIDHMIÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ 11

11.1 FORFHEIDHMIÚ AN BHEARTAIS 11
11.2 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS AGUS AR NA NÓSANNA IMEACHTA 11
11.3 OILIÚINT 12
11.4 CEAPACHÁN AGUS RÓL AN OIFIGIGH AINMNITHE COSANTA LEANAÍ 12

12 SÁBHÁILTEACHT 13

12.1 MEASÚNÚ RIOSCA AGUS ÁRACHAS 13

AGUISÍN A – AN REACHTAÍOCHT ÁBHARTHA 15

AGUISÍN B – BEARTAS FRITHBHULAÍOCHTA DO MHIC LÉINN 15

AGUISÍN D – CÓD EITICE AGUS DEA-CHLEACHTAIS DO SPÓIRT LEANAÍ 18

AGUISÍN E – TÁSCAIRÍ DROCHÚSÁIDE LEANAÍ 19

AGUISÍN F – DROCHÚSÁID LEANAÍ A SHAINMHÍNIÚ AGUS A AITHINT 27

AGUISÍN G - FOIRM GHRINNFHIOSRÚCHÁIN AN GHARDA SÍOCHÁNA A STÓRÁIL 31

AGUISÍN H – BEARTAS SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHTA 32

1 Réamhrá

Cé go bhfuil dualgas cúraim i leith a cuid mac léinn ar fad ar OÉ Gaillimh, tá freagracht faoi leith uirthi freisin leas aon duine faoi bhun 18 mbliana a chosaint (arna shainiú mar “leanbh” in Acht um Chúram Leanaí 1991)[1], an caighdeán is airde cúraim agus is féidir a sholáthar dóibh d'fhonn a leas a chur chun cinn agus iad a chosaint ó dhíobháil. Tá an fhreagracht seo i gceist más mac léinn de chuid na hOllscoile an leanbh sin nó má tá an leanbh faoi chúram nó faoi mhaoirseacht Comhaltaí Foirne Ollscoile ar shlí éigin eile (mar a mhínítear i Roinn 5 den Bheartas seo).

- Féadfaidh leanaí a bheith ar áitreabh na hOllscoile nó faoi mhaoirseacht nó faoi threoir Comhaltaí Foirne Ollscoile in imthosca éagsúla lena n-áirítear mar shampla: Mic léinn ollscoile faoi bhun 18 mbliana
- Leanaí ag freastal naíolanna
- Mic léinn ag freastal ar scoileanna samhraidh
- Mic léinn ag úsáid áiseanna spóirt
- Socrúchán taithí oibre nó fostaithe sealadacha
- I dteannta tuismitheoirí i rith saoire scoile
- Ag maireachtáil i gcóiríocht do mhic léinn i rith tréimhse saoire (e.g. mar chuid de ghrúpa scoile)
- Ag freastal ar laethanta oscailte mar mhic léinn ionchasacha
- Ag freastal ar agallaimh d'fhonn áit a fháil san Ollscoil
- Rannpháirtithe i dtaighde acadúil
- Cuairteoirí chun na hOllscoile ar aon chúis eile
- Sa chás go bhfuil ról gníomhach ag Mic Léinn in obair dheonach a bhaineann le leanaí trí nó i gcomhar le clár ALIVE OÉ Gaillimh

D’fhéadfadh duine fásta freagrach a bheith i dteannta leanaí, e.g. múinteoir nó tuismitheoir, ach in imthosca eile d’fhéadfadh leanaí a bheith ina n-aonar.

2 Cúlra Dlí

Is é an tAcht um Chúram Leanaí 1991 an príomhphíosa reachtaíochta a bhaineann le cúram agus le cosaint leanaí. I measc na n-achtanna eile a bhféadfaí tagairt a dhéanamh dóibh i ndáil le cosaint agus le leas leanaí tá an tAcht um Fhoréigean Baile 1996, an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998, an tAcht um Choimisiún chun

[1] ciallaíonn “leanbh” duine atá faoi bhun 18 mbliana déag d’aois seachas duine atá nó a bhí pósta;

Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2000, agus an tAcht um Chiontóirí Gnéis 2001. Tá cóipeanna de na hAchtanna seo le fáil in Aguisín A.
Is trí Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (LGGS) a chuirtear seiceáil réamhfhostaíochta le haghaidh eagraíochtaí reachtúla i gcrích. Nuair a fhaigheann LGGS iarratas grinnfhiosrúcháin, cuirtear tasc seiceála i gcrích agus mar chuid den bheartas nochta reatha, nochtaítear sonraí gach ciontaithe agus/nó ionchúisimh, bíodh éirithe leo nó ná bíodh, ar feitheamh nó tugtha chun críche, sa Stát seo nó in áit ar bith eile, de réir mar a bheidh nochta don teagmhálaí údaraithe san eagraíocht chláraithe.

3 Ráiteas Beartais

Tá OÉ Gaillimh lántiomanta d'fholláine gach linbh agus duine óig a n-oibríonn sí leo a chosaint. Tá Beartas Cosanta Leanaí OÉ Gaillimh ag teacht le "Children First – National Guidelines for the Protection and Welfare of Children – 1999", cáipéis a d'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá OÉ Gaillimh tiomanta do chearta an linbh a chur chun cinn lena n-áirítear rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga in ábhair éagsúla a bhfuil tionchar acu orthu.

4 Aidhm an Bheartais

Is é an aidhm atá leis an mBeartas seo dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil le Cosaint Leanaí laistigh den Ollscoil, mar aon le creat nós imeachta a leagan síos d'fhonn an méid seo a leanas a chinntiú:

- go gcosnaíonn an Ollscoil leanaí atá faoina cúram nó faoina maoirseacht
- go bhfuil ar chumas Comhaltaí Foirne Ollscoile déileáil go heolasach agus go muiníneach le saincheisteanna cosanta leanaí
- go bhfuil ar chumas lucht bainistíochta na hOllscoile cinntí oiriúnacha a dhéanamh le linn dóibh a bheith ag déileáil le saincheisteanna cosanta leanaí
- go mbíonn an Ollscoil réamhghníomhach i ndáil le hearcaíocht agus le réimsí eile d'fhonn an riosca a bhaineann le saincheisteanna cosanta leanaí a laghdú
- go bhfuil glactha ag an Ollscoil le Beartas Frithbhulaíochta do Mhic Léinn (Aguisín B).

Ní mór don Ollscoil a chinntiú:

- go ndéileálann an institiúid go cuí le líomhaintí a dhéanann leanaí nó daoine eile nó ábhair imní a chuireann leanaí nó daoine eile in iúl do Chomhaltaí Foirne Ollscoile. Ní mór líomhaintí den sórt sin a thuairisciú don HSE agus don Gharda Síochána.
- go bhfuil Grinnfhiosrúchán curtha i gcrích ag an nGarda Síochána ar gach Comhalta Foirne Ollscoile atá ag obair le leanaí.

Tá freagracht ar Chomhaltaí Foirne Ollscoile i gcónaí:

- staonadh ó aon iompar míchuí i leith leanaí
- eachtraí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le líomhaintí drochúsáide a sheachaint
- eachtraí bulaíochta ar leanaí a thuairisciú
- eolas a thugtar dóibh faoi dhrochúsáid nó imní faoi dhrochúsáid linbh a thuairisciú
- aird mar is cuí a thabhairt ar nósanna imeachta rúndachta

Beidh aon Chomhalta Foirne Ollscoile a chiontófar as aon ghníomh drochúsáide ar leanbh faoi réir nósanna imeachta araíonachta agus d'fhéadfadh go mbeadh an duine sin faoi réir nósanna imeachta coiriúla freisin de réir mar a chinnfidh An Garda Síochána/An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Ina theannta sin, beidh aon Chomhalta Foirne Ollscoile a gcinnfidh an Ollscoil go bhfuil íomhánna míchuí de leanaí (nó cumarsáid mhíchuí bhriathartha nó leictreonach le leanaí déanta aige/aici) aige/aici faoi réir nósanna imeachta araíonachta agus cuirfidh an Ollscoil an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí reachtúla eile ar an eolas de réir mar a bheidh riachtanach. Má tá amhras ar dhuine ar bith faoi chomhalta foirne, mac léinn nó oibrí deonach sa chomhthéacs seo, ní mór an méid sin a thuairisciú, láithreach bonn, don Oifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí (nó a (h)Ionadaí).

Tá an Cód Iompair Cosanta Leanaí le fáil in Aguisín C.

5 Raon Feidhme an Bheartais

Déileáiltear sa Bheartas seo le gach gné de chosaint leanaí a áirítear mar chuid d'obair na hOllscoile. Chun críocha an Bheartais seo, úsáidfear an téarma "Comhalta Foirne Ollscoile" le cur síos a dhéanamh ar dhuine ar bith atá ag obair le leanaí san Ollscoil, cibé an fostaí, gníomhaire, mac léinn nó oibrí deonach atá i gceist. Tá an beartas seo ábhartha d'aon Chomhalta Foirne Ollscoile atá ag obair le leanaí. Sa chás gur ann do bheartais eile laistigh d'aonaid na hOllscoile, níl siad infheidhme ach amháin le cois an bheartais seo agus níl de thoradh orthu aon laghdú a dhéanamh ar chosaintí ar bith atá sonraithe sa bheartas seo. Gné lárnach de chúrsaí faoi leith in OÉ Gaillimh é grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Sa chás gur ann do cheanglas dá leithéid, is é an Scoil nó an Coláiste cuí a bheidh freagrach as é a bhainistiú.

5.1 Leanaí mar Ábhair Thaighde

Ó am go ham, féadfaidh leanaí a bheith ar áitreabh Ollscoile agus/nó a bheith faoi mhaoirseacht Comhaltaí Foirne Ollscoile chun críocha taighde. Sa chás go bhfuil sé beartaithe leanaí a úsáid mar ábhair thaighde tá sé riachtanach cead eiticiúil iomlán a fháil roimh ré ón gCoiste Eitice. Tabharfaidh aon ghníomhaíocht

taighde urraim do cheart chun rúndachta an linbh, agus comhlíonfaidh sí aon chód ábhartha eitice a bheidh infheidhme don chineál taighde a bheidh ar bun. Beidh Poist Thaighde faoi réir an phróisis measúnachta ar a bhfuil cur síos i Roinn 9.
Sa chás go bhféadfadh an taighdeoir a bheith ag obair le leanaí is gá na taighdeoirí a sheiceáil i gcoinne taifead coiriúil.
Oibreoidh an Coiste Eitice de réir an Bheartais seo agus tionscadail taighde a bhaineann le leanaí á gceadú acu.

5.2 Imeachtaí Spóirt

Le cois an Bheartais seo agus Nósanna Imeachta gaolmhara, beidh socruithe speisialta i gceist i ndáil le himeachtaí spóirt a bheidh ar bun ar áitreabh na hOllscoile nó faoi threoir Chomhaltaí Foirne na hOllscoile.Tá cáipéis mhionsonraithe dar teideal ‘Code of Ethics and Good Practice for Children’s Sport’ curtha i dtoll a chéile ag Comhairle Spóirt na hÉireann, cáipéis a mbeidh feidhm léi laistigh den Ollscoil de réir mar is cuí (Aguisín D).

5.3 Grianghraif agus Íomhánna

Tá fianaise ann go dtéann daoine chuig imeachtaí ar a bhfreastalaíonn leanaí agus daoine óga leochaileacha, imeachtaí spóirt go háirithe, chun íomhánna míchuí a fháil. Ní mór do Chomhaltaí Foirne Ollscoile a bheith airdeallach in imthosca mar sin agus ba chóir dóibh aon ábhar imní a thuairisciú láithreach bonn don Oifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí.

Beidh uaireanta ann, áfach, ina mbeidh gá le grianghraif, scannán nó físeán chun críocha dlisteanacha dála teagasc, taighde nó cóitseáil spóirt. I ngach imthosca, ní mór a leithéid a chur in iúl do leanaí nó do dhaoine óga leochaileacha agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí/a gcúramóirí, agus ní mór gach cineál meáin a stóráil go sábháilte.

5.4 Áiseanna naíolainne

Cinnteoidh an Ollscoil go gcuirfear na nósanna imeachta cosanta leanaí a bhaineann le comhaltaí foirne naíolainne agus leanaí atá ag freastal ar an naíolann i bhfeidhm mar is ceart. Ní mór go mbeadh seiceálacha cuí Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus na seiceálacha reachtúla cosanta leanaí cuí déanta ar gach comhalta foirne ollscoile agus ar gach oibrí deonach atá ag obair sna háiseanna naíolainne.

6 Drochúsáid a Aithint

Uaireanta bíonn sé deacair drochúsáid leanaí a aithint agus d’fhéadfadh cineálacha difriúla drochúsáide leanaí a bheith i gceist. Is féidir drochúsáid a áireamh i gceithre chatagóir dhifriúla: faillí, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid chorpartha agus drochúsáid ghnéasach. Baineann fíorthábhacht lena leithéid a thabhairt chun solais chomh luath agus is féidir agus ba cheart do

ghairmithe atá ag obair le leanaí aon údar imní atá orthu faoi chosaint nó faoi leas leanaí a roinnt leis an Oifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí. Braitheann an cumas drochúsáid leanaí a aithint ar thoilteanas duine glacadh leis an bhféidearthacht gur ann dá leithéid, agus ar eolas agus tuiscint chomh maith. Is den tábhacht é a thabhairt faoi deara nach i gcónaí a bhíonn drochúsáid leanaí le tabhairt faoi deara go héasca, agus go deimhin d'fhéadfadh nach mbeadh a leithéid de dhrochúsáid soiléir ar chor ar bith. Tá liosta de tháscairí drochúsáide leanaí le fáil in Aguisín E. Is den tábhacht é béim a leagan ar an bpointe nár cheart glacadh le táscaire amháin mar tháscaire atá dochloíte i ndáil le drochúsáid ann féin; d'fhéadfadh gur léargas a bheadh ann ar choinníollacha eile seachas léargas ar dhrochúsáid leanaí ann féin. Ní mór gach comhartha agus gach siomptóm a scrúdú i gcomhthéacs staid an linbh agus na ndálaí teaghlaigh.

Is gnách go dtagann drochúsáid chun solais ar roinnt bealaí éagsúla:

- Tagann an scéal ó bhéal an linbh féin
- Cuireann duine éigin eile in iúl gur inis leanbh dó/di go gcreideann sé/sí go láidir go bhfuil nó go raibh drochúsáid á baint as leanbh
- D'fhéadfadh comharthaí de ghortú fisiceach a bheith le feiceáil ar an leanbh - gortú nach bhfuil aon mhíniú sásúil le fáil ina leith
- D'fhéadfadh iompar linbh a léiriú go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go bhfuil drochúsáid á baint as/aisti
- Is údar imní é iompar Comhalta Foirne Ollscoile nó an tslí a bhfreagraíonn sé/sí do leanbh

7 Míniú ar Dhrochúsáid

Úsáidtear na téarmaí "drochúsáid" agus "díobháil" go rialta i gcomhthéacs cosanta leanaí. Seo a leanas an míniú a thugtar ar "drochúsáid" linbh san Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2000 (Aguisín A):

- the wilful, reckless or negligent infliction of physical injury on, or failure to prevent such injury to, the child,
- the use of the child by a person for sexual arousal or sexual gratification of that person or another person,
- failure to care for the child which results in serious impairment of the physical or mental health or development of the child or serious adverse effects on his or her behaviour or welfare, or
- any other act or omission towards the child which results in serious impairment of the physical or mental health or development of the child or serious adverse effects on his or her behaviour or welfare,

Tá Sainmhíniú mar aon le heolas faoi Dhrochúsáid Leanaí a Aithint bunaithe ar

‘Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children’ le fáil in Aguisín F.

Ní mór aon chúis imní go bhfuil díobháil déanta do leanbh (nó go bhfuil leanbh i mbaol díobhála) a chur in iúl don Oifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí sa chás go bhfuil an leanbh 16 bliana d'aois nó níos sine, is cuma má deirtear cibé ar thoiligh an leanbh nó nár thoiligh.

8 Nósanna Imeachta le Déileáil le Líomhaintí Drochúsáide

Nuair is léir don Ollscoil líomhain drochúsáide a bheith déanta tuairisceoidh an tOifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí na líomhaintí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Gharda Síochána láithreach baill.

D’fhéadfadh go mbeadh Comhaltaí Foirne Ollscoile faoi réir líomhaintí earráideacha nó mailíseacha. Dá réir sin, déileálfar le haon líomhain drochúsáide go cáiréiseach agus tabharfar tacaíocht don fhoireann – comhairleoireacht san áireamh, nuair is gá. Glacann an Ollscoil go bhfuil an té i gceist neamhchiontach go dtí go gcruthaítear a mhalairt. Is é an phríomhsprioc atá ann, áfach, an leanbh a chosaint agus ag an am céanna cúram a dhéanamh do chaitheamh comhionann an Chomhalta Foirne Ollscoile.

8.1 Nochtadh a Thuairisciú

Nuair a nochtaítear cás drochúsáide do Chomhalta Foirne Ollscoile, **ní mór** dó/di:

- A chur in iúl don té a rinne an nochtadh nach féidir an t-eolas a choinneáil go huile agus go hiomlán faoi rún mar gur gá a leithéid a chur in iúl do na húdaráis chuí.

- Éisteacht go cúramach lena bhfuil á rá agus taifead scríofa a choinneáil de na sonraí a luaithe agus is féidir agus a chinntiú go gcoinnítear an taifead slán sábháilte.

- An tOifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí a chur ar an eolas faoin nochtadh láithreach baill (ná fág é níos mó ná 24 uair an chloig). Caithfear leis an nochtadh mar ábhar práinne.

- Gan aon cheo eile a dhéanamh nó an cheist a phlé le haon duine eile go gcuirtear a mhalairt in iúl.

Coinneofar an duine a rinne an nochtadh ar dtús ar an eolas faoin bpróiseas iar-nochta, ionas go mbeidh sé/sí ar an eolas faoin méid a d'fhéadfadh tarlú.

Sa chás go ndéanann duine fásta nochtadh faoi dhrochúsáid a tharla le linn dó/di a bheith ina leanbh, ní mór an nochtadh a thuairisciú freisin don Oifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí, mar go bhféadfadh an mí-úsáideoir líomhanta a bheith ina b(h)aol do leanaí go fóill.

8.2 Údar Imní a Thuairisciú

Sa chás nach bhfuil drochúsáid á nochtadh ach go bhfuil imní ar Chomhalta Foirne Ollscoile go bhfuil drochúsáid á baint as leanbh, ní mór dó/di aird mar is cuí a thabhairt ar an méid seo a leanas:

(i) An tOifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí a chur ar an eolas faoin údar imní láithreach baill. Caithfear leis na nithe tuairiscithe mar ábhar práinne.
(ii) Níor cheart aon cheo eile a dhéanamh nó an cheist a phlé le haon duine eile go gcuirtear a mhalairt in iúl.

Má tharraingítear aird aon Chomhalta Foirne Ollscoile ar aon líomhain drochúsáide i ndáil le leanbh nó leanaí le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh, cuirfear an méid seo a leanas in iúl don duine cúisithe go príobháideach:

- go bhfuil líomhain déanta ina c(h)oinne
- nádúr na líomhna
- go bhfuil aird Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Gharda Síochána tarraingthe ar an líomhain.

Beidh an Comhalta Foirne Ollscoile faoi réir Nós Imeachta ábhartha Araíonachta na hOllscoile.

Cuirfear an méid seo a leanas i gcrích freisin:

- Ní bheidh teagmháil neamh-mhaoirsithe ag an gComhalta Foirne Ollscoile le leanaí, le héifeacht láithreach, agus is mar sin a bheidh go dtí go gcuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána in iúl don Ollscoil go bhfuil sé ceart go leor filleadh ar chúrsaí oibre mar is gnáth.

Foráiltear san *Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998* daoine a bhfuil drochúsáid leanaí tuairiscithe acu 'go réasúnach agus de mheon macánta' a chosaint ó dhliteanas sibhialta. Baineann cosaint den sórt seo le heagraíochtaí mar aon le daoine aonair. Glactar leis, dá réir sin, sa chéad ásc, gur cheart d'eagraíochtaí a fhostaíonn comhaltaí foirne nó a úsáideann oibrithe deonacha, freagracht a ghlacadh as drochúsáid leanaí a thuairisciú do na húdaráis chuí.

9 Earcaíocht

Earcú Comhaltaí Foirne nó Oibrithe Deonacha a bheidh ag obair le leanaí

Sula n-earcaítear comhalta foirne nó oibrí deonach nua, cinnteoidh an Ollscoil na nithe seo a leanas:

- Cé acu an gcumhdaíonn dualgais an phoist ‘obair iomchuí’ mar a mhínítear in Alt 26 d'Acht um Chiontóirí Gnéis 2001, Aguisín A.
- Cibé an bhfuil na seiceálacha cuí ar fad a bhaineann le taifid choiriúla, cáilíochtaí, stair fostaíochta agus teistiméireachtaí fostóirí tugtha chun críche.
- I ndiaidh a leithéid sin de sheiceálacha a dhéanamh, má thagann eolas chun cinn a thugann le fios go bhféadfadh taifead coiriúil a bheith ag aon iarrthóir, ba cheart an t-eolas ar fad a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chur san áireamh freisin d'fhonn a mheas cé acu an mbeidh riosca ar bith ann do leanaí. Má mheastar go mbeidh an t-iarrthóir ina chúis baoil do leanaí, ní mór iarratas an duine sin a dhiúltú.
- Sa chás go bhfuil post á líonadh trí earcaíocht sheachtrach nó aistriú inmheánach fostaí reatha agus go meastar go n-áireofar mar chuid de dhualgais an phoist 'obair iomchuí', cuirfear seiceálacha cuí i gcrích i gcoinne taifead coiriúil.
- Má tá comhalta foirne reatha nó oibrí deonach ag glacadh le freagrachtaí a bhaineann le bheith ag obair le leanaí, ní mór na seiceálacha cuí a dhéanamh ar thaifid choiriúla.

Déanfaidh Grúpa Iar-Mheasúnaithe measúnú ar phoist/ar fholúntais nua d’fhonn cinneadh a dhéanamh ar cheart ‘obair iomchuí’ a áireamh mar chuid de na dualgais nó nár cheart. Seo a leanas comhaltaí an Ghrúpa: comhalta oiriúnach d’Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, an Ceann Scoile/Aonaid, ionadaí AD. Beidh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le déanamh i gcás post a bhfuil ‘obair iomchuí’ i gceist leo. Más rud é go n-áiríonn tuairisc Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána eolas faoi thaifid choiriúla ceisteanna a bhaineann le drochúsáid leanaí, ba cheart na tuairiscí sin a chur ar aghaidh chuig an nGrúpa Iar-Mheasúnaithe agus ba cheart don Ghrúpa sin cinneadh a dhéanamh. Ba cheart an próiseas seo a chur i gcrích chomh tapa agus chomh héifeachtach agus is féidir.

Déanfar poist a mbeidh freagrachtaí nua luaite leo a athbhreithniú de réir mar a luaitear thuas.

Beidh dualgas ar chomhaltaí foirne a bhfuil post acu a bhfuil Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gceist leis, dearbhú bliantúil a shíniú ag cur in iúl nach raibh siad faoi réir imeachtaí/ciontuithe/líomhaintí drochúsáide (mar a mhínítear i Roinn 7 thuas) le 12 mhí anuas.

De réir dhlí na hÉireann, is ionann teip ar dhuine a chur in iúl dá bhfostóirí roimh ghlacadh le post nó seirbhís a sholáthar go bhfuil siad ciontach as cionta coiriúla áirithe agus cion coiriúil. Baineann an dualgas seo fostóir a chur ar an eolas le ciontóirí gnéis atá ciontach as cionta in Éirinn agus thar lear. De réir Alt 26 d'Acht um Chiontóirí Gnéis 2001 is cion é seo a leanas "to apply for work or to perform a service (including State work or service) which involves having unsupervised access to, or contact with children or mentally impaired people without telling the prospective employer or contractor that you are a sex offender".

Áiríonn na téarmaí *obair Stáit* nó *seirbhís Stáit* obair a dhéanann státseirbhísigh, an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta, foireann na n-údarás áitiúil agus foireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Úsáidtear an téarma *mallachar meabhrach* in Acht 2001 agus seo a leanas an míniú a thugtar ar an téarma in Alt 5 d'Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 1993 "suffering from a disorder of the mind, whether through mental handicap or mental illness, which is of such a nature or degree as to render a person incapable of living an independent life or of guarding against serious exploitation".

9.1 Conraitheoirí

Beidh daoine a bheidh i mbun 'obair iomchuí' nach bhfuil fostaithe go díreach ag an Ollscoil ach a bheidh fostaithe ag conraitheoirí (nó fochonraitheoirí) faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána freisin. Is é a bhfostóir féin a dhéanfaidh na seiceálacha seo, áfach, agus cinnteoidh an Ollscoil go léirítear na hoibleagáidí seo áit ar féidir in aon chonradh idir an Ollscoil agus an conraitheoir. Ní bheidh cead chun rochtain neamh-mhaoirseachta leanaí ag comhaltaí foirne ar conradh in imthosca ar bith.

10 Coimeád Taifead

Cinnteoidh an tOifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí go gcoinneofar na taifid ar fad a bhaineann le Cosaint Leanaí slán sábháilte, cothrom le dáta agus go mbeifear ag comhlíonadh le riachtanais dhlíthiúla Cosanta Sonraí agus le ceanglais dhlíthiúla eile (Aguisín G).

11 Forfheidhmiú agus Athbhreithniú

11.1 Forfheidhmiú an Bheartais

Cinnteoidh an Ollscoil go mbeidh an Beartas seo agus na nósanna imeachta cuí á gcur i bhfeidhm, á scaipeadh agus á n-athbhreithniú go leanúnach.

11.2 Athbhreithniú ar an mBeartas agus ar na Nósanna Imeachta

Déanfaidh an tÚdarás Rialála nó údarás ainmnithe thar a cheann athbhreithniú, ó thráth go chéile, ar an mBeartas seo agus ar na Nósanna Imeachta gaolmhara, le cois scrúdú a dhéanamh ar obair an Oifigigh Ainmnithe Cosanta Leanaí agus

a Leas-Phríomhoifigeach. Ní mór go mbeadh an tÚdarás Rialála nó a údarás ainmnithe sásta go bhfuil an Beartas seo agus na Nósanna Imeachta oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil dualgais an Oifigigh Ainmnithe Cosanta Leanaí á gcur i gcrích go sásúil. Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas seo, na Nósanna Imeachta agus na socruithe gaolmhara nuair is gá d'fhonn forfheidhmiú éifeachtach an Bheartais Cosanta Leanaí seo a éascú agus d'fhonn léargas a thabhairt ar athruithe sa dlí Cosanta Leanaí de réir mar a thagann siad chun cinn.

11.3 Oiliúint

Gheobhaidh Comhaltaí Foirne Ollscoile oiliúint mar is cuí i nósanna imeachta cosanta leanaí. Oibreoidh an tOifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí leis an mbainistíocht líne d'fhonn grúpaí sonracha foirne, mac léinn agus oibrithe deonacha a aithint - grúpaí a bhféadfadh oiliúint a bheith ag teastáil uathu.

11.4 Ceapachán agus Ról an Oifigigh Ainmnithe Cosanta Leanaí

Ceapfaidh an Ollscoil Oifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí a mbeidh de phríomhfhreagracht air/uirthi an beartas seo a fhorfheidhmiú, comhairle a chur ar chomhaltaí foirne faoin nós imeachta cosanta leanaí agus teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí. Glacfaidh an Leas-Phríomhoifigeach le freagrachtaí an Oifigigh Ainmnithe Chosanta Leanaí nuair a bheidh sé/sí as láthair. Seo thíos sampla de na dualgais a bheidh le cur i gcrích ag an Oifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí:

- an beartas seo a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn agus dea-chleachtas cosanta leanaí a chur chun cinn ar fud an champais mar aon le teagmháil a dhéanamh le Coláistí, Scoileanna agus Aonaid, agus aird a tharraingt ar cheisteanna a bhaineann le comhlíonadh nuair is gá
- an beartas seo a chur faoi bhráid Údarás na hOllscoile lena athbhreithniú agus le tuairisc maidir le cur i bhfeidhm an bheartais a sholáthar. Cinnteofar ar an tslí seo go mbeidh monatóireacht agus athbhreithniú á dhéanamh ar an mbeartas de réir na n-athruithe sa reachtaíocht agus sa treoir cosanta leanaí
- oiliúint comhaltaí foirne agus oibrithe deonacha maidir le nósanna imeachta Cosanta Leanaí a éascú agus a chinntiú go gcoinnítear an Beartas cothrom le dáta trí na forbairtí a bhaineann le leas leanaí a chur san áireamh
- a chinntiú go ndéantar measúnuithe riosca agus go dtugtar aird mar is cuí ar bhearta sábháilteachta nuair is gá
- a chinntiú go bhfuil cumhdach árachais ag an Ollscoil le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil leanaí páirteach iontu
- a chinntiú go ndéantar gach seiceáil is gá ar Chomhaltaí Foirne Ollscoile atá ag smaoineamh ar thabhairt faoi 'obair iomchuí'
- a chinntiú go bhfuil taifid a bhaineann le Cosaint Leanaí á gcoimeád go slán sábháilte, faoi rún daingean, cothrom le dáta agus ag comhlíonadh le

ceanglais Cosanta Sonraí agus ceanglais dhlíthiúla eile nach iad (Aguisín G)

- glacadh le tuairiscí maidir le teagmhais, líomhaintí nó údair imní go bhféadfadh leanbh a bheith i mbaol nó go bhféadfadh díobháil a bheith déanta do leanbh, sa chéad ásc, ó chomhaltaí foirne nó ó mhic léinn
- a chinntiú go gcuirtear in iúl do dhuine a sholáthraíonn tuairisc go ndéanfar cibé beart is cuí agus comhairle a chur orthu maidir leis na céimeanna ba cheart (nó nár cheart) a ghlacadh go dtí go bhfaightear tuilleadh comhairle ón Údarás nó ó na húdaráis chuí
- líomhaintí tuairiscithe de dhrochúsáid leanaí a chur in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus don Gharda Síochána

12 Sábháilteacht

Tá freagracht ar fhoireann bainistíochta na hOllscoile a chinntiú go bhfuil áitreabh na hOllscoile sábháilte don fhoireann, do na mic léinn agus do chuairteoirí. Tá freagracht ar an bhfoireann ar fad cúram réasúnach a léiriú i ndáil le sábháilteacht gach duine mórthimpeall orthu, agus eolas a bheith acu ar Bheartas Sláinte agus Sábháilteachta na hOllscoile (Aguisín H). Mura gcloítear le nós imeachta sláinte agus sábháilteachta na hOllscoile d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do dhliteanas dlíthiúil na hOllscoile agus aon éileamh árachais a dhéanann an Ollscoil i gcás díobháil phearsanta a rinneadh ar leanaí nó a rinne leanaí.

Ní mór smaoineamh i gcónaí nach bhfuil leanaí chomh cúramach le daoine fásta, agus nuair a thugann comhaltaí foirne nó oibrithe deonacha treoir do leanaí lasmuigh d'áitreabh na hOllscoile go mbeidh nithe eile nach iad le cur san áireamh freisin (go háirithe más grúpaí móra leanaí atá i gceist). Ní mór go dtuigfeadh comhaltaí foirne a thugann a gcuid leanaí féin chomh fada le háitreabh na hOllscoile leo go gcaithfidh siad a bheith freagrach astu i gcónaí, agus ní mór dóibh aird mar is cuí a thabhairt do na codanna sin den áitreabh a bhféadfadh guaiseacha a bheith ag gabháil leo. Moltar do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn araon gan leanaí óga a thabhairt chomh fada le háitreabh na hOllscoile mura bhfuil géarghá leis.

Má tharlaíonn aon timpiste, ní mór taifead mionsonraithe den teagmhas a logáil nó a thaifeadeadh chomh luath agus is féidir i ndiaidh an imeachta. Ní mór gach teagmhas a thuairisciú d'Oifig Sláinte agus Sábháilteachta na hOllscoile, agus beidh ionadaí ón Oifig sin i dteagmháil leis an Oifigeach Ainmnithe gan mhoill ina dhiaidh sin.

12.1 Measúnú Riosca agus Árachas

Déanfaidh an tOifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí an méid seo a leanas:

- oibreoidh sé/sí le hoifigigh Sláinte agus Sábháilteachta na hOllscoile

d’fhonn a chinntiú go bhfuil na measúnuithe riosca cuí déanta d'áitreabh na hOllscoile - áitreabh a bhféadfadh leanaí a bheith ann - agus do chásanna sonracha (e.g. Scoileanna Samhraidh nó turais allamuigh) áit a bhféadfadh Comhaltaí Foirne Ollscoile a bheith ag stiúradh nó i mbun maoirseachta ar leanaí laistigh nó lasmuigh den Ollscoil.

Aguisín A – An Reachtaíocht Ábhartha

An tAcht um Chúram Leanaí 1991

An tAcht um Fhoréigean Baile 1996

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998

An tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2000

An tAcht um Chiontóirí Gnéis 2001

Aguisín B – Beartas Frithbhulaíochta do Mhic Léinn

Beartas Frithbhulaíochta do Mhic Léinn OÉ Gaillimh

Aguisín C – Cód Iompair Cosanta Leanaí

Seachain a bheith i d'aonar le leanbh más féidir

Ba cheart go seachnódh Comhaltaí Foirne Ollscoile a bheith ina n-aonar le leanbh nó le mac léinn faoi 18 mbliana, más féidir. Sa chás go bhfuil sé dosheachanta, áfach, ba cheart cead a fháil/an méid sin a chur in iúl do thuismitheoir, do chaomhnóir nó do chúramóir, nó a chinntiú go bhfuil comhghleacaí eile ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú. Ba cheart tréaniarracht a dhéanamh a leithéid sin de chruinnithe a reáchtáil i seomra/in áit a bhfuil sibh le feiceáil go soiléir ag daoine eile, agus más féidir an doras a fhágáil oscailte, déan amhlaidh.

Ba cheart do Chomhaltaí Foirne Ollscoile iarracht a dhéanamh gan leanaí nó mic léinn atá faoi bhun 18 mbliana a thógáil leo féin ina gcarranna féin nó bualadh leo leo féin lasmuigh den ghnáth-thimpeallacht oibre. I gcásanna nach féidir a leithéid de shocruithe a sheachaint, ba chóir tuismitheoir, caomhnóir nó cúramóir a chur ar an eolas, nó comhalta foirne ollscoile eile, agus míniú a thabhairt maidir leis an gcúis, an uair agus an áit a dtarlóidh gach rud.

Éist lena bhfuil le rá ag leanaí

I gcásanna ina ndeir leanaí nó mic léinn óga rud éigin a mheasann tú atá íogair, éist go cúramach lena bhfuil á rá acu ach ná ceistigh iad ar mhaithe le tuilleadh sonraí a fháil, mar go bhféadfaí a leithéid de cheistiú a áireamh mar chur isteach éagórach.

Teagmháil Fhisiceach

Moltar do Chomhaltaí Foirne Ollscoile gan teagmháil fhisiceach a dhéanamh le leanbh ach amháin sa chás go bhfuil a leithéid dosheachanta mar gheall ar nádúr na gníomhaíochta údaraithe, ach is den tábhacht é, i gcás den sórt sin, toiliú an linbh a fháil.

Is ionann bualadh, puinseáil nó troid agus iompar do-ghlactha, mar aon le díobháil de shaghas ar bith ar leanbh.

Ná déan rud ar bith de chineál pearsanta do leanbh ar féidir leo a dhéanamh dóibh féin.

Ba cheart teagmháil fhisiceach neamhriachtanach le daoine óga/leanaí a sheachaint. Ainneoin go bhfuil seans maith ann gur geáitsí dea-thola a bheadh i gceist d'fhéadfaí an chiall chontráilte a bhaint as a leithéid go héasca.

Ná úsáid teanga atá gnéasach, gáirsiúil nó míchuí i dteannta leanaí.

Má tá sé riachtanach garchabhair a thabhairt (ba chóir do gharchabhróir oilte é seo a dhéanamh) agus má mheasann tú go mbeidh gá le teagmháil fhisiceach ach go bhféadfaí míbhrí a bhaint as a leithéid de theagmháil, glac cibé céimeanna is gá, aon uair is féidir, d'fhonn a chinntiú go bhfuil duine éigin eile i láthair.

Tuairisciú

Ní mór aon údar imní go bhfuil díobháil déanta do leanbh (nó go bhfuil leanbh i mbaol díobhála) a chur in iúl don Oifigeach Ainmnithe Cosanta Leanaí a luaithe agus is féidir fiú sa chás go bhfuil an leanbh 16 bliana nó níos sine, is cuma má deirtear cibé ar thoiligh an leanbh nó nár thoiligh.

Aguisín D - Cód Eitice agus Dea-Chleachtais do Spóirt Leanaí

Code of Ethics and Good Practice for Children's Sport (Comhairle Spóirt na hÉireann)

Aguisín E – Táscairí Drochúsáide Leanaí

(mar atá ar lch 125 sa tuarascáil dar teideal Children First)

Comharthaí agus Siomptóim Dhrochúsáide

1. Comharthaí agus Siomptóim d'Fhaillí i Leanaí
Is é seo an chatagóir drochúsáide is coitianta. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir faillí "thoiliúil" agus faillí "imthoisceach". Go hiondúil, áiríonn faillí "thoiliúil" díothacht dhíreach agus d'aon ghnó riachtanas bunúsach an linbh – faillí á déanamh ag tuismitheoir/cúramóir e.g. áirítear bia, foscadh, teas, éadach, teagmháil le daoine eile i measc na riachtanas bunúsach. Cé go bhféadfadh faillí "imthoisceach" tarlú, níos minice ná a chéile, mar gheall ar strus a bheith ar thuismitheoirí nó ar chúramóirí agus a gcumas déileáil le cúrsaí an tsaoil. Tá dlúthbhaint idir faillí agus fachtóirí socheacnamaíocha agus díothachtaí fisiceacha gaolmhara eile. Tá baint aige freisin le neamhábaltacht tuismitheoirí mar gheall ar mhíchumas foghlama nó díothachtaí síceolaíocha. Ní mór freisin, sa chomhthéacs seo, neamhábaltacht tuismitheoirí a eascraíonn ó mhíchumas foghlama nó ó shuaitheadh síceolaíoch a chur san áireamh.

Is iondúil gurb ionann faillí leanaí agus **"foirm éighníomhach de dhrochúsáid a áiríonn foirmeacha neamhghníomhacha seachas foirmeacha gníomhacha".** Áiríonn sé **"idir easpa cúraim agus maoirseachta fisicí agus teip riachtanais forbartha an linbh a chomhlíonadh i dtéarmaí spreagadh cognaíoch".** [*]

Ba cheart amhras a léiriú maidir le faillí linbh sna cásanna seo a leanas:
• Tréigean nó dídhílsiú
• Leanaí á bhfágáil leo féin síoraí seasta gan cúram ná maoirseacht mar is cuí
• Míchothú, ganntanas bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhrialta
• Ganntanas teasa
• Easpa éadach feiliúnach
• Easpa cosanta agus baol contúirte lena n-áirítear contúirt mhorálta agus easpa maoirseachta feiliúnach d'aois an linbh
• Teip freastal ar an scoil go rialta
• Teip go neamhorgánach forbairt a dhéanamh i.e. ní éiríonn leis an leanbh meáchan a chur suas mar gheall ar mhíchothú agus mar gheall ar dhíothacht mhothúchánach freisin
• Teip aird mar is cuí a thabhairt ar fhadhbanna leighis an linbh
• Barraíocht oibre agus tascanna le cur i gcrích ag an leanbh

2. Comharthaí agus Siomptóim de Dhrochúsáid Mhothúchánach Leanaí

[*] Skuse, D. and Bentovim, A. (1994) "Physical and Emotional Maltreatment". In Rutter, M. Taylor, E. and Hersor, L. (Eag.), Child and Adolescent Psychiatry (An Tríú hEagrán), Oxford: Blackwell Scientific Publications

Tarlaíonn drochúsáid mhothúchánach nuair a theipeann ar dhaoine fásta atá freagrach as aire a thabhairt do leanaí tuiscint a bheith acu ar riachtanais mhothúchánacha agus forbartha a leanaí agus na riachtanais sin a chomhlíonadh. Ní furasta drochúsáid mhothúchánach a aithint mar nach furasta na comharthaí a thabhairt faoi deara. **"Tagraíonn drochúsáid mhothúchánach do ghnáthchiapadh briathartha linbh trí dhímheas, cáineadh, bagairt agus fonóid mar aon le haisiompú grá; trína n-úsáidtear modhanna briathartha agus neamhbhriathartha diúltaithe agus cúlaithe."** [**]

Is féidir míniú a thabhairt ar dhrochúsáid mhothúchánach nuair a úsáidtear na táscairí seo a leanas. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach ionann aon táscaire amháin agus drochúsáid mhothúchánach.

• Diúltú
• Easpa molta agus spreagtha
• Easpa compoird agus grá
• Easpa ceana
• Easpa spreagtha (e.g. greann agus súgradh)
• Easpa leanúnachais sa chúram (e.g. ag bogadh ó áit go chéile go minic)
• Róchumhdach
• Pionós míchuí neamhfhisiceach (e.g. leanbh a chur faoi ghlas i seomra leapa)
• Coinbhleachtaí teaghlaigh agus/nó foréigean
• Is féidir a rá go bhfuil gach leanbh a ndéantar drochúsáid ghnéasach, fhisiceach nó faillí air/uirthi ag fulaingt de dheasca na drochúsáide mothúchánaí freisin
• Ionchais mhíchuí maidir le hiompar linbh – i gcoibhneas le haois agus le céim forbartha an linbh.

3. Comharthaí agus Siomptóim de Dhrochúsáid Fhisiceach
Baineann amhras le mínithe míshásúla nó éagsúla i ndáil leis na nithe seo a leanas:

• Ballbhrúnna (tá tuilleadh sonraí anseo thíos)
• Bristeacha
• Ailt ata
• Dónna/Scalladh (tá tuilleadh sonraí anseo thíos)
• Scráibeacha/Stolltaí
• Rith fola (reitineach, máthair chrua)
• Damáiste do na horgáin
• Nimhiú – arís agus arís eile (cógais ar oideas, alcól)
• Teip ar dhul chun cinn mar is cuí a dhéanamh
• Cóma/Neamhaireachtáil

[**] Skuse D. (1989) "Emotional Abuse and Neglect" in Meadow, R. "ABC of Child Abuse", British Medical Journal Publications, Londain.

• Bás.

Is iomaí cineál drochúsáid fhisiceach atá ann ach is iad gortuithe craicinn, béil agus cnámh na cineálacha is coitianta.

Ballbhrú – go ginearálta
Tá ballbhrúnna coitianta go maith ar an gcorp áit a bhfuil an chnámh gar go leor don chraiceann. D'fhéadfadh go mbeadh ballbhrúnna le fáil ar thosach an choirp, mar is gnách go dtiteann leanaí ar mullach a gcinn.
Tá ballbhrúnna timpisteacha coitianta ar an smig, ar an srón, ar an gclár éadain, ar an uillinn, ar na glúine agus ar na lorgaí. Is gnách go mbíonn ballbhrúnna ag leanaí gnóthacha, gníomhacha ar na codanna sin den chorp. Imeoidh ballbhrúnna mar sin ó radharc agus ní bheidh imeall cinnte ar bith orthu. Ní mór féachaint go cúramach ar aon bhallbhrú a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil ar leanbh sula dtosaíonn sé/sí ag siúl.

Amhras
Is mó seans atá ann go mbeidh ballbhrúnna le fáil ar fhíochán bog e.g. leicne, tóin, íochtar an droma, an droim nó na leasracha agus colpaí, an muineál, na baill ghiniúna agus an béal.

Ballbhrúnna – neamhthimpisteach
D'fhéadfadh patrún faoi leith a bheith le tabhairt faoi deara i marcanna ó bhuille boise nó ó ghreim a bhreith ar dhuine. D'fhéadfadh marcanna ó bhuille boise a bheith le tabhairt faoi deara ar an tóin/ar na leicne agus d'fhéadfadh rian na méar láimhe a bheith le feiceáil ar chuid ar bith den chorp. Is iondúil go mbíonn nasc idir ballbhrúnna agus croitheadh an choirp, rud a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le rith fola agus le ballbhrú laistigh den bhlaosc. Bíonn amhras ann i gcónaí maidir le haon bhallbhrú a bhíonn le tabhairt faoi deara mórthimpeall an mhuiníl de bhrí go bhfuil gach seans ann gur trí thimpiste a d'eascair a leithéid. Ní bhíonn aon phatrún cinnte ag ballbhrúnna a fhorbraíonn de dheasca buille boise ach d'fhéadfadh a leithéid a bheith le tabhairt faoi deara ar chodanna den chorp nach samhlaítear gortuithe timpisteacha leo de ghnáth. Bheadh amhras ag baint freisin le buille boise os cionn na súl (siondróm na súl dubh) nó na gcluas. Ní fhaigheann duine ar bith súil dhubh trí thitim ar dhromchla réidh. Is ionann dhá shúil dhubha agus dhá ghortú ar leith agus bíonn amhras ag baint lena leithéid i gcónaí. D'fhéadfadh go mbeadh gortuithe eile i gceist freisin – tiompán na cluaise a bheith briste/blaosc a bheith briste. D'fhéadfadh gur cúis imní a bheadh i ngortú béil freisin – béal stróicthe ó bhrú a chur ar leanbh glacadh le beathú buidéil. D'fhéadfadh patrúin bhallbhrú eile a bheith le tabhairt faoi deara mar gheall ar úsáid a bhaint as strapaí, criosanna, maidí agus cosa. D'fhéadfadh go bhfágfaí cruth cibé rud a úsáideadh ar an leanbh i bhfoirm ballbhrú ar an droim, ar na leasracha (codanna den chorp clúdaithe ag éadach) mar shampla.

Dónna – go ginearálta

Is iondúil gurb éard a bhíonn i gceist i gcás na leanaí sin a bhfuil dónna timpisteacha orthu gur doirteadh leacht te orthu nó go ndearna siad teagmháil de shaghas éigin le rud éigin te. Is iondúil go mbíonn an t-eolas cúlra a thugann na tuismitheoirí ag teacht le patrún an ghortaithe atá le tabhairt faoi deara. D'fhéadfadh gurb ionann eachtraí a tharlaíonn arís agus arís eile, áfach, agus sampla de chúram agus d'aird mhífheiliúnach ar chúrsaí sábháilteachta laistigh den teach.

Dónna - neamhthimpisteach
D'fhéadfadh go mbeadh patrún le tabhairt faoi deara ar leanaí a bhfuil dónna neamhthimpisteacha orthu, patrúin nach mbeadh á míniú i gceart ag tuismitheoirí. D'fhéadfadh go mbeadh an leanbh tumtha i leacht te. D'fhéadfadh go mbeadh líne chinnte le tabhairt faoi deara mórthimpeall an dó, ní hionann agus stealladh timpisteach, mar shampla. D'fhéadfaí chomh maith go mbeadh an leanbh buailte le hais rud éigin te, radaitheoir nó cócaireán te mar shampla, rud a d'fhéadfadh marcanna soiléire a fhágáil ar chraiceann an linbh. D'fhéadfadh gurb éard a bheadh i gceist le dónna ó thoitíní loit bheaga ar an gcraiceann – loit ar chraiceann ar chodanna den chorp nach mbeadh sé ag luí le réasún go ndéanfaí dochar mar seo dhó de ghnáth. D'fhéadfadh go mbeadh riochtaí craicinn eile mar bhonn le patrúin shoiléire agus, dá bhrí sin, ní mór comhairle péidiatraí a lorg.

Greamanna – go ginearálta
Is rud coitianta go maith é go mbeadh plaic ainmhí nó dhaonna le tabhairt faoi deara ar chraiceann leanaí. Is gnách go gcuireann plaic ó ainmhí, e.g. madra – poll sa chraiceann agus is gnách go mbíonn imlíne shoiléir le tabhairt faoi deara. D'fhéadfadh leanaí beaga plaic a bhaint as leanaí eile freisin.

Plaiceanna – neamhthimpisteach
Uaireanta bíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir plaiceanna daoine fásta agus leanaí ó tharla go bhféadfadh na tomhais a bheith míchruinn. Ní mór déileáil go dáiríre le haon mharc a meastar gur plaic dhaonna a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfadh Péidiatraithe Comhairleacha oibriú i gcomhar le saineolaithe Fiaclóireachta d'fhonn marcanna a aithint i gceart.

Gortuithe cnámh – go ginearálta
Is minic go mbíonn timpistí ag leanaí arb é a bhíonn mar thoradh leo cnámha briste. Tá cnámha leanaí i bhfad níos solúbtha ná cnámha daoine fásta agus leanaí, áfach, agus ní bhíonn an meáchan céanna ar leanaí, rud a chiallaíonn gurb ionann briseadh, go háirithe sa bhlaosc, agus comhartha gur úsáideadh fórsa suntasach.

Gortuithe cnámh - neamhthimpisteach
Ba cheart amhras a léiriú maidir le briseadh cnámh de shórt ar bith i leanbh atá faoi 8 mhí d'aois. Ní mór a bheith thar a bheith amhrasach faoi bhriseadh sa bhlaosc i leanbh atá faoi 3 bliana d'aois. I gcás den chineál sin bíonn gá le hiniúchadh cúramach ar na cúiseanna a bhí leis an mbriseadh cnámh.

Comhartha eile de ghortú é at sa chloigeann nó codlatacht.

Nimhiú – go ginearálta
Ní haon ní aisteach é go dtógfadh leanaí cógais nó ceimiceáin atá contúirteach nó a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha. Ní mór gnéithe a bhaineann le cúram agus le sábháilteacht laistigh den bhaile a mheas go cúramach.

Nimhiú – neamhthimpisteach
D'fhéadfadh nimhiú neamhthimpisteach a bheith i gceist agus d'fhéadfadh deacracht a bheith ag gabháil lena leithéid a thabhairt faoi deara ach ba cheart a bheith amhrasach i gcónaí i gcás eipeasóidí aisteacha nó athfhillteacha agus sa chás go bhfuil níos mó ná leanbh amháin i gceist. D'fhéadfaí codlatacht nó hipearanálú á áireamh mar shiomptóm.

Ag croitheadh go foréigneach
Is iondúil go mbíonn croitheadh luaite mar bhonn le lot inchinne i leanaí óga.

4. Comharthaí agus Siomptóim de Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí
Cumhdaítear raon leathan gníomhaíochtaí drochúsáide faoin gceannteideal seo. Ní gnách nach mbíonn ach eachtra amháin i gceist agus is iondúil go dtarlaíonn a leithéid in imeacht roinnt blianta. Tá sé coitianta go maith go dtarlaíonn drochúsáid ghnéasach leanaí laistigh den teaghlach freisin. Tá drochúsáid laistigh den teaghlach thar a bheith casta agus go deimhin is deacair déileáil lena leithéid.

Is iondúil go dtagann cásanna de dhrochúsáid ghnéasach chun solais ar na slite seo a leanas:-
(a) an cás á nochtadh ag an leanbh nó ag a s(h)iblíní/c(h)airde;
(b) amhras a bheith ar dhuine fásta;
(c) siomptóim fhisiceacha.

Déanann Colburn Faller[***] sainmhíniú ar an raon leathan gníomhaíochtaí a dhéanann daoine fásta a bhféadfaí iad a áireamh mar dhrochúsáid ghnéasach leanaí. Áirítear orthu sin:

Drochúsáid ghnéasach gan teagmháil
• "Ráitis Ghnéasacha Mhaslacha" lena n-áirítear ráitis a deir an ciontóir leis an leanbh maidir le tréithe gnéasacha an linbh, an rud ar mhaith leis / léi a dhéanamh don leanbh agus ráitis ghnéasacha eile.
• Glaonna gáirsiúla teileafóin.
• "Nochtadh" neamhspleách lena n-áirítear an ciontóir ag taispeáint codanna príobháideacha dá c(h)orp dá (h)íospartach agus/nó glacaireacht os comhair an íospartaigh.

[***] Colbourn Faller, K. (1989) "Child Sexual Abuse". An Interdisciplinary Manual for Diagnosis Case Management and Treatment. Basingstoke: Macmillian.

• Is éard atá i gceist le "Gliúcaíocht" eachtraí ina mbreathnaíonn an ciontóir ar an íospartach i riocht dí-éadaithe nó i mbun gníomhaíochtaí a thugann sásamh gnéasach don chiontóir. D'fhéadfadh go mbeadh gníomhaíochtaí i gceist anseo nach measann daoine eile spreagadh gnéis dá laghad a bheith ag baint leo.

Teagmháil ghnéasach
• áirítear teagmháil ar bith le haon chuid phearsanta den chorp. D'fhéadfadh an ciontóir muirn a dhéanamh leis an íospartach nó brú a chur ar an íospartach a bheith páirteach in eachtra glacaireachta agus/nó iallach a chur ar an íospartach muirn a dhéanamh leis/léi agus/nó a bheith páirteach in eachtra glacaireachta leis/léi. D'fhéadfaí muirn a dhéanamh le duine faoin éadach nó lasmuigh den éadach. Áirítear "frotaís" anseo freisin, i.e. nuair a fhaigheann an ciontóir sásamh gnéasach óna b(h)aill ghiniúna a chuimilt de chorp nó d'éadach an íospartaigh.

Drochúsáid ghnéasach bhéil-ghinitiúil
• lena n-áirítear an ciontóir ag lí, ag pógadh, ag diúl nó ag placadh ball giniúna an linbh nó iallach a chur ar an leanbh a leithéid a dhéanamh leo féin.

Drochúsáid ghnéasach idirfhéimearach
• uaireanta tugtar "comhriachtain phite" air seo, arbh é atá i gceist leis go leagtar péineas an chiontóra idir leasracha an linbh.

Drochúsáid threáiteach – cúig chineál
• "treá méaraí" a áiríonn na méara a chur isteach san fhaighin, san anas nó sa dá áit. Is iondúil go mbíonn an t-íospartach á threá ag an gciontóir, ach uaireanta cuireann an ciontóir iallach ar an leanbh é/í a threá.
• "treá le rud éigin" lena n-áirítear treá na faighne, an anais nó d'fhéadfadh treá béil a bheith i gceist.
• "treá ginitiúil " lena n-áirítear an péineas ag treá na faighne, go páirteach uaireanta.
• "treá béil" lena n-áirítear an péineas ag treá an bhéil[****].
• "treá anais" lena n-áirítear an péineas ag treá an anais.

Dúshaothrú gnéasach
• Áirítear anseo cásanna d'íospairt ghnéasach sa chás go mb'fhéidir nach mbeadh teagmháil dhíreach ghnéasach ag an té atá freagrach as an dúshaothrú gnéasach leis an leanbh. Samplaí den chineál seo drochúsáide iad pornagrafaíocht leanaí agus striapachas leanaí.
• Áiríonn 'pornagrafaíocht leanaí' fótagrafaíocht shocair, físeáin agus scannáin mar aon le fótagrafaíocht ríomhghinte i ré seo na nua-theicneolaíochta.
• Leanaí sa tréimhse folaigh nó in aois na hógántachta den chuid is mó a áirítear le 'Striapachas Leanaí'. Is léir, áfach, go ndéantar drochúsáid den chineál seo ar leanaí atá chomh hóg le ceithre nó cúig bliana d'aois.
• Drochúsáid ghnéasach le cois cineálacha eile drochúsáide.
• D'fhéadfadh go mbeadh na cineálacha drochúsáidí gnéasacha dá dtagraítear

[****] táscaire breise nach n-áirítear sa cháipéis *Children First*.

thuas i gceist le cois cineálacha drochúsáidí eile, lena n-áirítear drochúsáid fhisiceach, agus déanamh fuail agus dífhaecú ar an íospartach. I gcásanna áirithe, is cuid lárnach den drochúsáid ghnéasach é an drochúsáid fhisiceach; i gcásanna eile d'fhéadfaí drugaí agus alcól a thabhairt don íospartach.

Is den tábhacht é go dtugtar faoi deara nach gá go mbeadh comharthaí fisiceacha ar bith le sonrú i gcásanna de dhrochúsáid ghnéasach bunaithe ar nádúr na drochúsáide agus/nó tréimhse fhada a bheith i gceist sular tuairiscíodh an eachtra drochúsáide.

Ba cheart do chúramóirí agus do ghairmithe aird mar is cuí a thabhairt ar na comharthaí fisiceacha agus iompair seo a leanas:-

• Fuiliú ón bhfaighin/anas
• Deacracht/pian ag déanamh múin/faecais
• D'fhéadfadh ionfhabhtú a bheith le tabhairt faoi deara mar gheall ar dhrochúsáid ghnéasach freisin, agus d'fhéadfadh gurb ionann nó nach ionann ionfhabhtú den chineál sin agus galar gnéas-tarchurtha. Ba cheart aird gairmithe a tharraingt ar shileadh leanúnach ón bhfaighin nó faithní/gríos ar na baill ghiniúna.
• Athrú suntasach gan choinne ar iompar
• Leideanna á dtabhairt faoi ghníomhaíocht ghnéasach
• Aois – tuiscint mhí-chuí ar iompar gnéasach
• Iompar mealltach míchuí
• Iompar ionsaitheach gnéasach le daoine eile
• Spraoi gnéasach as an ngnáth le piaraí/bréagáin
• Drogall as an ngnáth páirt a ghlacadh i ngnáth-imeachtaí a bhfuil athrú éide i gceist leo, e.g. cluichí/snámh

Comharthaí iompair agus fadhbanna mothúchánacha arb ionann iad agus comharthaí drochúsáide i measc leanaí óga (0-10 mbliain):

• Athrú ar ghiúmar an duine, e.g. bíonn an leanbh cúlánta, faiteach, dána
• Deacracht díriú ar thascanna (athrú ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis an leanbh ar scoil)
• Fliuchadh/salú leapa
• Gearáin shíceasómatacha; pianta, tinneas cinn
• Neamhoird chraicinn
• Tromluithe, athrú ar phatrúin chodlata
• Diúltú dul ar scoil
• Buairt faoi bheith fágtha leo féin
• Easpa goile
• Leithlisiú.

Comharthaí iompair agus fadhbanna mothúchánacha arb ionann iad agus comharthaí drochúsáide i measc leanaí níos sine (10 mbliana agus níos

sine):

• Athrú ar ghiúmar, e.g. dúlagar, deacrachtaí cumarsáide
• Fonn éalaithe
• Drochúsáid drugaí, alcóil, tuaslagóirí
• Féinchiorrú
• Iarrachtaí féinmharaithe
• Ciontóireacht
• Maidtseáil
• Neamhoird itheacháin
• Leithlisiú.

Ní mór measúnú cuí a dhéanamh ar gach comhartha/táscaire a bhaineann le himthosca an linbh.

Aguisín F – Drochúsáid Leanaí a Shainmhíniú agus a Aithint

Réamhrá
Is féidir drochúsáid leanaí a áireamh i gceithre chatagóir dhifriúla: faillí, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid chorpartha agus drochúsáid ghnéasach. D'fhéadfadh leanbh a bheith faoi réir níos mó ná foirm amháin drochúsáide ag am ar bith. Tá glactha sna Treoirlínte Náisiúnta leis na sainmhínithe seo a leanas ar dhrochúsáid leanaí:

Faillí
Is iondúil go mbíonn *easnamh* de shaghas éigin i gceist sa sainmhíniú a dhéantar ar fhaillí, sa chás go bhfulaingíonn leanbh díobháil shuntasach nó lagú forbartha mar gheall ar ghanntanas éigin i.e. bia, éadach, teas, sláinteachas, spreagadh intleachtúil, maoirseacht agus sábháilteacht, nasc le agus cion ó dhaoine fásta, nó cúram leighis.
Is ionann *díobháil* agus droch-íde nó lagú ar shláinte nó ar fhorbairt an linbh. Braitheann an *suntas* a bhaineann lena leithéid le sláinte agus le forbairt an linbh i gcomparáid leis an tsláinte agus leis an bhforbairt a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta ó leanbh ar comhaois.
Is gnách gur léir faillí a bheith i gceist ar bhealaí difriúla *thar thréimhse ama* seachas ag pointe ama faoi leith. Mar shampla, is léir nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais mhaoirseachta agus sábháilteachta linbh a bhfuil sraith mionghortuithe aige/aici. Tá seans ann nach bhfuil leanbh a bhfuil a (h)airde nó a m(h)éachan faoin bhun an mheáin ag fáil a dóthain le hithe. B'fhéidir nach mbeadh spreagadh intleachta mar is cuí á fháil ag leanbh a bhíonn síoraí seasta as láthair ón scoil. Sroichtear *tairseach na díobhála suntasaí* nuair a dhéantar faillí do riachtanais an linbh, faillí a chuireann isteach ar fholláine agus/nó ar fhorbairt.

Drochúsáid Mhothúchánach
Is iondúil go mbíonn drochúsáid mhothúchánach le tabhairt faoi deara sa *chaidreamh* idir cúramóir agus leanbh seachas i gcás imeacht faoi leith nó sraith imeachtaí. Tarlaíonn a leithéid nuair nach gcomhlíontar riachtanais cheana, cheadaithe, chomhsheasmhachta agus slándala linbh. Is annamh go mbíonn siomptóim fhisiceacha i gceist. Seo a leanas roinnt samplaí de dhrochúsáid mhothúchánach:

(i) cáineadh, searbhas, naimhdeas nó milleán a chur ar dhuine go leanúnach;
(ii) tuistiú coinníollach ina bhfuil an leibhéal cúraim a thaispeántar do leanbh bunaithe ar iompar nó ar ghníomhaíochtaí an linbh;
(iii) tacaíocht mhothúchánach gan a bheith ar fáil ó thuismitheoir/ó chúramóir an linbh;
(iv) ionchais neamh-mhothálacha, neamhréireacha nó mhíchuí linbh;
(v) an iomarca freagrachta a thabhairt do leanbh ag aois ró-óg;
(vi) ionchais mhíréalaíocha nó mhíchuí maidir le cumas linbh rud éigin a thuiscint

nó é/í féin a iompar agus a smachtú ar bhealach faoi leith;
(vii) easpa / iomarca cumhdaigh linbh;
(viii) teip spéis a léiriú in nó deiseanna feiliúnacha a chruthú d'fhorbairt chognaíoch agus mhothúchánach an linbh;
(ix) bearta mí-réasúnta nó diana araíonachta a úsáid;
(x) foréigean teaghlaigh.

Is trína n-iompar a thugann leanaí léargas dúinn ar dhrochúsáid mhothúchánach (mar shampla, caidreamh ródhlúth a bheith ag leanbh le tuismitheoir/cúramóir nó a bheith ag iarraidh an tuismitheoir/an cúramóir a sheachaint), a staid mhothúchánach (lagmheas, míshástacht), nó a bhforbairt (teip neamhorgánach dul chun cinn mar is cóir a dhéanamh). Sroichtear *tairseach na díobhála suntasaí* nuair is ionann idirghníomhaíochtaí maslacha agus *gnáthchuid* den chaidreamh idir an leanbh agus tuismitheoir/cúramóir.

Drochúsáid Fhisiceach
Is ionann drochúsáid fhisiceach agus cineál ar bith de ghortú neamhthimpisteach atá mar bhonn le díobháil shuntasach do leanbh, lena n-áirítear:
(i) croitheadh;
(ii) an iomarca fórsa a úsáid agus leanbh á láimhseáil;
(iii) nimhiú d'aon turas;
(iv) plúchadh;
(v) Seach-Shiondróm Munchausen (nuair a chumann tuismitheoirí scéalta faoi thinneas an linbh nó nuair is iad na tuismitheoirí is cúis le comharthaí fisiceacha an tinnis);
(vi) riosca suntasach díobhála do leanbh a cheadú nó a chruthú.

Drochúsáid Ghnéasach*3*
Tarlaíonn drochúsáid ghnéasach nuair a úsáideann duine éigin eile leanbh ar mhaithe lena sásamh nó spreagadh gnéasach féin, nó ar mhaithe le sásamh nó spreagadh daoine eile. Mar shampla:
(i) na gnéasorgáin a bheith ar taispeáint nó aon ghníomh gnéasach déanta d'aon turas i láthair an linbh;
(ii) teagmháil nó ainteagmháil duine nó rud éigin d'aon turas le corp linbh ar mhaithe le spreagadh nó sásamh gnéasach;
(iii) glacaireacht i láthair linbh nó rannpháirtíocht an linbh in eachtra glacaireachta;
(iv) comhriachtain leis an leanbh, comhriachtain bhéil, fhaighne, nó anais;
(v) dúshaothrú gnéasach ar leanbh;
(vi) gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil idir duine fásta agus leanbh faoi 17 mbliana d'aois. I ndáil le drochúsáid ghnéasach leanaí, ba cheart a thabhairt faoi deara, chun críocha an dlí choiriúil, gurb é an aois toilithe le haghaidh comhriachtain 17 mbliana. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go bhfuil comhriachtain idir cailín 16 bliain agus a buachaill cara 17 mbliana neamhdhleathach, ainneoin go mb'fhéidir nach n-áireofaí a leithéid mar dhrochúsáid ghnéasach leanaí.

_____

2 Chun críocha na dtreoirlínte seo, is ionann ‘leanbh’ agus duine atá faoi 18 mbliana d’aois nach bhfuil pósta.

3 Ní hionann an sainmhíniú a thugtar anseo ar dhrochúsáid ghnéasach leanaí agus sainmhíniú dlí, agus níltear ag maíomh gur cur síos atá ann ar an gcion coiriúil dá ngairtear ionsaí gnéasach.

Drochúsáid Leanaí a Aithint

Braitheann an cumas drochúsáid leanaí a aithint ar thoilteanas duine glacadh leis an bhféidearthacht gur ann dá leithéid, agus ar eolas agus tuiscint freisin. Is den tábhacht é go dtuigtear nach i gcónaí a bhíonn drochúsáid leanaí le tabhairt faoi deara go soiléir, agus go mb'fhéidir nach mbeadh a leithéid ag teacht leis na samplaí ar a bhfuil cur síos sna treoirlínte seo. Is iondúil go mbíonn trí chéim éagsúla i gceist le drochúsáid a aithint:

(i) smaoineamh ar an bhféidearthacht go bhfuil a leithéid ag tarlú – má tá an chuma ar an scéal go bhfuil gortú domhínithe agus amhrasach ar an leanbh, go bhfuil an leanbh buartha gan chúis, go bhfuil fadhbanna neamhchoitianta iompair le tabhairt faoi deara nó go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an leanbh míchompordach i gcomhluadar tuismitheoirí/cúramóirí;
(ii) comharthaí drochúsáide a thabhairt faoi deara – is é patrún comharthaí éagsúla a thabhairt faoi deara an táscaire is iontaofa de dhrochúsáid. D'fhéadfadh leanaí eolas a thabhairt go díreach nó go neamhdhíreach, agus is cóir i gcónaí déileáil lena leithéid go dáiríre. D'fhéadfaí nochtaí nach bhfuil chomh soiléir céanna a phlé le leanbh, gan ceistiú díreach a chur san áireamh (a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhonn níos éifeachtaí b'fhéidir i gcomhar le bord sláinte nó An Garda Síochána). Is iondúil gur féidir roinnt mhaith eolais a bhailiú trí bheith ag súgradh, ag tarraingt pictiúr nó ag insint scéalta. Ní mór i gcónaí comharthaí díobhála a chur san áireamh i gcomhthéacs sóisialta agus teaghlaigh an linbh, agus is den tábhacht é freisin a bheith toilteanach mínithe éagsúla a chur san áireamh;

(ii) eolas a thaifeadadh – is den tábhacht é go mbunaítear forais faoi leith don údar imní i gceist tríd an méid mioneolais agus is féidir a fháil. Ba cheart aon rud a thugtar faoi deara a thaifeadadh agus ba cheart dátaí, amanna, ainmneacha, áiteanna, comhthéacs agus eolas ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha nó a d'fhéadfadh cur le tuilleadh measúnaithe/iniúchta a chur san áireamh.

Aguisín G - Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a Stóráil

Is go leictreonach a bheidh Foirmeacha Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána á stóráil; beidh uimhir foirne an chomhalta foirne luaite ar na foirmeacha agus ní áireofar iad mar chuid dá gcomhad ginearálta pearsanra. D'fhonn cloí leis an reachtaíocht cosanta sonraí is chun críocha an chuspóra ar bailíodh an t-eolas a úsáidfear an t-eolas. Cuirfear córas slándála i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú nach mbeidh cead rochtana ach ag comhaltaí foirne áirithe ar an eolas seo.

Aguisín H – Beartas Sláinte & Sábháilteachta

NUI Galway Health & Safety Policy